Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**




# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## 2019

Ár Misean

**Áit bhríomhar** ionchuimsitheach **a dhéanamh as** ár gcontae do na daoine **a chónaíonn, a thagann ar cuairt,** atá ag obair agus ag déanamh gnó **anseo, anois** agus amach anseo.

# Clár

Réamhfhocal an Mhéara 02

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 04

Maidir leis an gComhairle 08

Cruinnithe Comhairle 10

Coistí Beartais Straitéisigh (SPCanna) 11

TUARASCAĹACHA AR SHEIRBHIŚI ´A SEACHADADH

**Príomhghnóthacháin in 2019 12**

**An Bhliain i bPictiúir 23**

**Príomhstaitisticí 35**

AGUISÍN

1. Ráitis Airgeadais 49
    1.1 Siamsaíocht agus Costais Ghaolmhara 50
2. Comhaltacht ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 51
    2.1 Íocaíochtaí le Comhairleoirí in 2019 52
    *2.2* Comhaltacht na Comhairle ar Choistí agus Comhlachtaí Eile 52
3. Comhdhálacha Oiliúna ar fhreastail Comhairleoirí orthu orthu in 2019 55
4. Tuarascáil um Éifeachtúlacht Fuinnimh 56
5. Nochtadh Cosanta 57
6. Iomlán an Staidrimh 58
7. An Fhoireann Ardbhainistíochta 65



## An Crl Vicki Casserly

Méara Chomhairle Contae
Átha Cliath Theas

Is mór an onóir dom mar Mhéara agus mar chéad shaoránach réamhfhocal a chur le Tuarascáil Bhliantúíl 2019. Bliain chorrach ba ea 2019, agus sa tuarascáil seo faighimid forléargas ar chuid de chlocha míle móra na Comhairle.

Mar iarfhostaí de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas is cúis áthais dom cuid den obair iontach a rinne an Chomhairle i rith na bliana a chur i láthair. Is mór an tionchar atá ag mo thaithí mar iarfhostaí ar an gcaoi ar chabhraigh mé le cruth a chur ar sheomraí na Comhairle, ar ár gContae agus ar ár láthair oibre i mbliana d'fhonn croí-luachanna pobail, deiseanna, comhshaoil, folláine agus ionchuimsitheacht a leanúint.

Tá ag éirí lenár gComhairle mar gheall ar an gcaidreamh láidir oibre atá idir na páirtithe leasmhara éagsúla. Oibrímid i gcomhar le lucht foirne, lucht gnó, grúpaí pobail, ionadaithe tofa, agus thar aon rud eile, leis na saoránaigh atá ag iarraidh plé lenár rialtas áitiúil le tionchar a imirt ar an áit ina gcónaíonn siad.

# Réamhfocal an Mhéara

Bhí sé i gcónaí tábhachtach don fhorbairt mar go gcabhraíonn an t-idirghníomhú seo linn leanúint ar aghaidh ag déanamh ár ndíchill le cinntiú go mbeidh Áth Cliath Theas ina chontae ionchuimsitheach le haghaidh gach duine atá ina gcónaí, ag obair nó ag taisteal sa cheantar seo. Teastaíonn uainn freastal ar riachtanais na sochaí ilghnéithí atá againn agus an sainmheon seo a léiriú inár gcuid oibre.

Is iomaí buaicphointe a bhí ann dom féin agus don Chomhairle in 2019. Ceann de na rudaí is mó a thaitníonn liom mar Mhéara is ea an spiorad iontach pobail atá i ngach ball den Chontae seo a fheiceáil. Léiríonn daoine de gach cúlra, idir óg agus aosta, lucht tuaithe agus cathrach, idir phobail nua agus seanbhunaithe, meas iontach ar a chéile. Agus muid i gcruachás faoi láthair, is mó ár meas ar an phobal, agus is údar mór dóchais dom a bhfuil feicthe agam le linn na bliana seo. Is cúis áthais dom gur ghlac an Chomhairle leis an bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide i rith na bliana, ag tabhairt bonn foirmiúil do na spriocanna agus na gníomhartha nach mór dúinn a bhaint amach le tabhairt faoi dhúshlán na haeráide. Táimid chun cinn ar an bplean maidir le réimsí áirithe a chur i bhfeidhm ar nós pleananna do phailneoirí, tograí glasa sna scoileanna, fuaráin uisce, laethanta athchúrsála, plandáil crann, laethanta saora sábháilte athchúrsála leictreacha, ár gclár oideachais agus an clár spásanna súgartha nádúrtha a bhfuil an-rath orthu. Bhímid inár gceannródaithe agus muid ag cinntiú go mbeadh na spásanna nua súgartha so-aimsithe go hiomlán agus ar fáil do dhaoine sa phobal atá ar mhíchumas.

B'iontach an phribhléid dom a bheith i mo Mhéara agus freastal ar Chontae Átha Cliath Theas i rith 2019 agus 2020. Mar gheall ar na gnóthachtálacha agus na dúshláin ar thugamar fúthu le chéile, tá muinín as cuimse agam as spiorad an phobail i gContae Átha Cliath Theas agus in obair na Comhairle. Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas leis an bPríomhfheidhmeannach, Daniel McLoughlin, agus le foireann agus Comhaltaí Tofa uile na Comhairle as a dtacaíocht i rith mo théarma in oifig.



**Daniel McLoughlin**

Príomhfheidhmeannach

Ba mhaith liom cur le fáilte an Mhéara roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla, cloch mhíle thábhachtach dúinn gach bliain inár n-iarrachtaí chun an méid is mian linn a bhaint amach do shaoránaigh Átha Cliath Theas a chur in iúl. Bliain thábhachtach a bhí inti ón léargas corparáideach, mar gur bhliain toghcháin áitiúil ba ea í agus go raibh bunú na Comhairle seo 25 bliana ó shin á chomóradh chomh maith. Tar éis toghchán na Bealtaine, bhí ullmhú an Phlean Chorparáidigh cúig bliana ar cheann de na príomhdhualgaisí a thit ar an gComhairle nua, glacadh leis i mí na Nollag agus tugann sé treochlár dúinn do na cúig bliana atá romhainn.

Ó thaobh eagrúcháin tharla forbairtí suntasacha i ngach réimse oibre i rith na bliana 2019. Rinneadh dul chun cinn maith go háirithe maidir le seachadadh seirbhísí agus forbairtí bonneagair a chur chun cinn. Sáraíodh na spriocanna críochnú tithíochta arís in 2019, agus cuireadh 1,722 aonad tithíochta ar fáil do theaghlaigh ar ár liosta tithíochta. Sna pleananna láithreacha agus gearrthéarmacha atá againn tá sé beartaithe 4,500 aonad tithíochta a sheachadadh sna cúig bliana atá romhainn. Fuair an chéad cheann de na forbairtí seo, i gCill Chairbre, cead pleanála le haghaidh 1,034 aonad ón mBord Pleanála i mí na Nollag. Beidh deiseanna measctha tionachta ar fáil inár láithreacha móra agus d'éirigh lenár n-iarratas ar €18m ón gCiste Láithreáin le Seirbhísí le tacú le tithíocht inacmhainne a sholáthar mar chuid de na forbairtí seo.

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Le haird ar an ngá atá le bainistíocht a dhéanamh ar ár stoc reatha, ghlac an Chomhairle le Clár Cothabhála Beartaithe €11m go luath in 2019. Ar mhaithe le seirbhísí do thionóntaí a chuíchóiriú agus bogadh chuig ardáin dhigiteacha, tá dul chun cinn mór déanta ar Chóras Tithíochta TCF tiomnaithe a fhorbairt, agus beifear á leathadh amach i lár 2020.

Maidir le Seirbhísí Pobail, chuir an Chomhairle réimse ollmhór tacaíochtaí pobail agus sóisialta ar fáil arís eile, lena n-áirítear cúnamh deontais, cláir spóirt, tograí sláinte agus folláine agus tacaíocht dhíreach trí líonra na n-ionad pobail. I gcomhthéacs pholasaí tithíochta agus pobail, ghlac an Chomhairle le Plean Cóiríochta nua don Lucht Siúil don tréimhse 2019-2024 agus le Straitéis Chomhtháite nua "Contae níos Iomchuimsithí" don tréimhse céanna.

Tugtar tacaíocht d'fhorbairt phobail trí réimse leathan saoráidí spóirt agus siamsaíochta a sholáthar. Cuireadh an clár Spás Spraoi i gcrích in 2019 le méadú 70% i soláthar chuig 49 saoráid. Beidh an bhéim amach anseo ar ár gClár nuafhorbartha Spás Déagóirí. I measc na soláthairtí nua siamsaíochta atá le tógáil tá saoráidí breise ag Cnoc Carmel, Cnoc na Giúise, Gleann na Dortha agus dhá pháirc nua de luach  €14m i mBaile Adaim.  Tá tacaíocht leanúnach á tabhairt againn do chlubanna le tionscadail a chur chun cinn faoin gClár Caipitil Spóirt, ar nós Lucan Athletic agus FC Bhaile Choilín. Tá tús curtha againn lenár gClár Pailliún agus tá an tógáil ag teacht chun críche ag Old Bawn agus cead pleanála faighte in An Grifín, Leamhcán. Tá tús curtha le tógáil Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Leamhcáin agus Straitéis nua do Pháirceanna Spóirt á cur i gcrích.

Bliain ghnóthach a bhí againn ó thaobh pleanála, le cead deiridh tugtha do Chrios Forbartha Speisialta Chluain Buiríosa agus foilsiú Phlean Ceantair Áitiúil Thamhlachta. D'éirigh le hiarratas na Comhairle ar mhaoiniú faoin gcéad bhabhta den URDF, fuarthas €15m le haghaidh réimse tionscadal i Lár Bhaile Thamhlachta agus maoiniú do phleanáil máistir na dtailte criosaithe athnuachana feadh Bhóthar An Náis, soir ón M50. Tháinig méadú mór ar ghníomhaíocht pleanála a bhain le Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta (SHD) ar gá réamhchomhairliúchán a dhéanamh lenár roinn pleanála maidir leo cé gurb é An Bord Pleanála a dheimhníonn iad. Tá réimse de thionscadail soghluaisteachta agus rothaíochta curtha chun cinn ag an gComhairle, chomh maith le tionscadail bhóithre ar nós uasghrádú an R120 ar €20m agus Nascbhóthair Thuaidh Belgard.

Is cuid bhunúsach dár straitéis fáis gnó agus fostaíocht a bhuanú agus a fhás. Arís in 2019, thugamar tacaíocht don ghnó áitiúil lenár gCiste Tacaíochta Gnó €1m. Tá ailtirí ceaptha le hIonad Nuálaíochta Gnó nua, príomh-mhír Cheathrú Nuálaíochta Belgard Thuaidh, a dhearadh. Cuireadh fairsingiú Chaisleán na Gráinsí chun cinn, le tairiscint don bhóthar rochtana chuig na tailte nua ag Caisleán na Gráinsí Thiar. Tosófar á thógáil seo go luath in 2020. Lóisteáladh breis faisnéise leis an mBord Pleanála do Thionscadal Sléibhte Átha Cliath, agus tá cead pleanála faighte le Bealach Glas na Canálach Móire a fhairsingiú.

I measc na dtionscadal mór eile sa réimse seo tá an seastán deireanach i Staid Thamhlachta atá á dhearadh agus forbairtí deartha agus leabharlainne atá ag teacht chun críche i dTigh Motháin agus i gCluain Dolcáin. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh againn i gcónaí maidir le hoibreacha feabhsúcháin ar na sráidbhailte agus ar an réimse poiblí agus ar thírdhreach an Chontae, go háirithe maidir leis an N81.

Le seoladh ár gcéad Phlean Gníomhaíochta Athrú Aeráide 2019-2024 beifear ag díriú go mór ar an réimse seo sna blianta atá le teacht. Tá dul chun cinn maith déanta cheana féin le hathsholáthar soilsiú poiblí LED, polasaí um plaisteach aon úsáide, plandáil crann, leictriú ár bhflít, plean feidhmiú pailneoirí agus tionscadail mhaolú tuilte. Maidir leis an gceann deireanach, tá scéimeanna do Shruthán Poodle, na Camóige agus Teampaill Ghil curtha ar aghaidh trí phleanáil. Tá deontas de €4m faighte do Chlár Téamh Ceantair Thamhlachta agus tosófar ar an tógáil in 2020.

Táimid ag tnúth le dul ar aghaidh leis an dea-obair seo sna blianta atá romhainn agus uaillmhain ár bPlean Corparáidigh nua a chomhlíonadh ar mhaithe le saoránaigh an lae inniu agus na saoránaigh a bheidh ina gcónaí anseo ar ball.



Cloigtheach, Cluain Dolcáin.

# Eolas faoin gComhairle

Cruthaíodh Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar an 1 Eanáir 1994 agus bíonn sí ag oibriú i gceantar d'achar 222.74 ciliméadar cearnach. Ar an teorainn thoir thuaidh tá cathair Bhaile Átha Cliath, tá Sléibhte Átha Cliath agus Contae Chill Mhantáin ó dheas, Abhainn na Life ó thuaidh á deighilt ó Fhine Gall agus Contae Chill Dara thiar. Tá daonra de 278,767 duine sa chontae, a bhfuil cónaí orthu in 92,363 teaghlach dar le daonáireamh 2016, ardú 5.1 faoin gcéad ar an daonra ón daonáireamh roimhe sin in 2011. Tá sé seo níos airde ná an méadú daonra náisiúnta de 3.8 faoin gcéad agus cothrom le leibhéal fáis Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá 40 comhalta tofa ar an gComhairle as seacht dtoghcheantar éagsúla agus toghann na comhaltaí Méara gach bliain. Chomh maith leis an nGrúpa Beartais Corparáideach, tá sé Choiste Beartais Straitéiseach ann le beartas a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na coistí comhdhéanta d'ionadaithe tofa agus d'ionadaithe gnó, feirmeoireachta, comhshaoil, pobail agus ceardchumainn.



# Tiomanta don tSeirbhís le 25 Bliana

Rinne Comhairle Contae Átha Cliath Theas ceiliúradh ar chuimhneachán a bhunaithe le linn 2019. Thug an Chomhairle cuireadh ar ais d'iarchomhaltaí agus d'iarbhaill foirne na Comhairle leis an ócáid a cheiliúradh, ina measc Don Tipping, céad Chathaoirleach na Comhairle agus John Fitzgerald, an chéad Bhainisteoir Contae.

Tionóladh ócáidí agus tograí éagsúla i rith na bliana agus gnóthacháin na mblianta atá caite á gceiliúradh ag an gComhairle. I measc na ngnóthachán sin bhí forbairt lár an bhaile i dTamhlacht, an líonra iompair lena n-áirítear an Luas go Tamhlacht agus go hIarthar na Cathrach, gnólanna éagsúla an Chontae, na moil mhiondíolacháin i nGleann Life agus sa Chearnóg, agus leabharlanna agus saoráidí iomadúla pobail, siamsaíochta agus caitheamh aimsire a chuir an Chomhairle ar fáil. Tharla an chloch mhíle seo agus an Chomhairle ag obair go leanúnach le caighdeán maireachtála agus deiseanna socheacnamaíocha an 278,000 áitreabhach reatha á bhfeabhsú agus conair agus bonneagar á soláthar le freastal ar an daonra breise 150,000 a bhfuiltear ag súil leis sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma a imeascadh.



# Cruinnithe na Comhairle 2019

81 chruinniú san iomlán a bhí ag an gComhairle iomlán, ag an gCoiste Eagraíochta, Nós Imeachta agus Airgeadais, ag an nGrúpa Beartais Corparáideach (CPF) agus ag na Coistí Ceantair mar a leanas:

- 10 gCruinniú Comhairle Contae
- 1 Chruinniú Bliantúíl
- 1 Chruinniú Bliantúil Buiséid
- 5 Chruinniú Coiste Eagraíochta, Nós Imeachta agus Airgeadais (lena n-áirítear 1 Chruinniú Speisialta Buiséid)
- 11 Chruinnú Grúpa Beartais Corparáideach (lena n-áirítear 1 Chruiniú Buiséid)
- Bhí ocht gcruinniú an ceann ag an gceithre Choiste Ceantair do Chluain Dolcáin, Leamhcán-Baile Phámair-Cnoc an Fhuaráin, Ráth Fearnáin/Teach Mealóg-Teach na Giúise/Bóthar na Bruíne agus Tamhlacht

Anuas air sin bhí

- 12 chruinniú thar na sé Choiste Beartais Straitéiseacha
- 4 chruinniú den Choiste Comhphóilíneachta
- 3 chruinniú den Choiste Iniúchta
- 2 chruinniú le Comhaltaí Oireachtais

# Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna)

## An Coiste um Beartas Straitéiseach Ealaíne, Cultúir, Gaeilge, Oidhreachta agus Leabharlann

**Cathaoirleach: An Comhairleoir Mick Duff**
Bhí dhá chruinniú ag an SPC seo in 2019 le beartais maidir leis na réimsí seo a leanas a mheas:

- An Ceathrú Scéim Gaeilge;
- Straitéis Éire Ildánach;
- Tionscadail Chaipitil na Leabharlanna
- Nuashonruithe maidir le Plean Forbartha Leabharlanna Contae Átha Cliath Theas 2018-2023 'Oscailte Duitse';
- Ceapacháin ar Bhord Chuideachta Ealaíne/Amharclann Cathrach SDCC.

## An Coiste um Beartas Straitéiseach Geilleagair, Fiontraíochta agus Forbairt Turasóireachta

**Cathaoirleach: An Comhairleoir Cathal King**
Bhí dhá chruinniú ag an SPC seo in 2019 chun breith a dheánamh ar bheartais sna reímsi ́seo a leanas:

- An Straiteís Tacaióchta Gno ́i gcomhar le Comhlachas Aṫha Cliath Theas;
- Straiteís Turasoíreachta an Chontae;
- Nuashonruithe agus forfheidhmiu ́an Phlean Pobail Eacnamaióch Aítiuíl (LECP);
- Forbairtí i bPáirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí
- Bealach Glas na Dothra

## An Coiste um Beartas Straiteíseach Comhshaoil, Reímse Poibli ́agus Athraithe Aeraíde

**Cathaoirleach: An Comhairleoir Brian Lawlor**
Bhí dhá chruinniú ag an SPC seo in 2019 chun breith a dheánamh ar bheartais sna reímsi ́seo a leanas:

- Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019-2024;
- Sceímeanna um Maolu ́Tuile agus Mion-Fheabhsuċhaṅ Uisce Dromchla;
- Athbhreithniu ́Eatramhach Coṅai ́le Crainn
- Uasdátú ar na Páirceanna Spóirt;
- Dréachtphlean Bainistióchta Bruscair 2020-2024;
- Plean Gníomhaíochta Cheirtleán Torainn.

## Coistí um Beartais Straitéiseacha Tithíochta

**Cathaoirleach: Charlie O Connor**
Ceithre chruinniú a bhí ag an SPC Tithíochta chun breith a dheánamh ar bheartais sna reímsi ́seo a leanas:

- Solaḃar agus Seachadadh Tithióchta – Tionscadail
- Plean Gníomhaíochta Réigiún Átha Cliath um Easpa Dídine 2019-2021;
- Dréachscéim don Socrú Ceannacháin d'Áitribh Inacmhainne;
- An Scéim Dhifreálach Cíosa;
- An Scéim Leithdháiltí;
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Tacaíochtaí Míchumais.

## Coiste um Beartais Straiteíseacha Soísialta, Comhionnanais agus Pobail Coiste Beartais Straitéisigh

**Cathaoirleach: Trevor Gilligan**
Bhí dhá chruinniú ag an SPC Sóisialta Comhionnanais agus Pobail chun breith a dheánamh ar bheartais sna reímsi ́seo a leanas:

- Straitéis Comhtháite Imirceach 'Contae níos Cuimsithí'
- Athbhreithniú ar Straitéis Aois-bháúil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas;
- Deontais Phobail;
- Ciste Bonneagair Pobail;
- Gradaim do Dhianiarracht sa Phobal 2019.

## Coiste um Beartas Straiteíseach Uśaíd Taluṅ, Pleanaíl agus Iompair

**Cathaoirleach: William Priestley**
Bhí dhá chruinniú ag an SPC seo in 2019 le beartais maidir leis na réimsí seo a leanas a mheas:

- An Plean Forbartha Contae Leagan Uimh. 3;
- Uasdátú don Straitéis Eacnamaíoch Spásúil Réigiúnach;
- Síneadh ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Chuilinn-na Seanchúirte;
- Uasdátú ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta;
- Fodhlithe Páirceála;
- Plean Ceantair Áitiúil Thamhlachta.

Ta ́sonrai ́maidir le comhaltacht iomlaṅ gach Coiste um Beartas Straiteíseach ar faíl in Aguisiṅ 2.

# Príomhghnóthachtálacha in 2019

## Toghcháin Áitiúla 2019

Toghadh daichead comhairleoir i dToghcháin Áitiúla Bhealtaine 2019. Tháinig seacht gcomhairleoir déag nua leis na fiche trí a atoghadh chun daichead suíochán na Comhairle a líonadh. Beidh siad ag gníomhú mar ionadaithe poiblí muintir Átha Cliath Theas ar feadh na mblianta atá le teacht.

Is é Fianna Fáil an páirtí is mó a toghadh sa Chomhairle nua agus fuair mná 35% de na suíocháin, 14 as 40, líon níos mó ná an meán náisiúnta. Shuigh an Chomhairle nua den chéad uair ag Cruinniú Bliantúil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar an Aoine 7 Meitheamh 2019 i Halla an Chontae, Tamhlacht, agus toghadh an Comhairleoir Vicki Casserly, ionadaí ó thoghcheantar Leamhcáin mar Mhéara ar Chontae Átha Cliath Theas.

## Seoladh Voter.ie

Ag druidim leis na toghcháin áitiúla, sheol Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus trí údarás áitiúla eile Bhaile Átha Cliath tairseach nua gréasáin a ligeann do os cionn milliún áitreabhach i mBaile Átha Cliath a sonraí toghcháin a sheiceáil san fhíor-am.

Is comhthogra de chuid cheithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath é Voter.ie. Cruthaíodh é le héifeachtúlacht agus cruinneas Chlár na Vótóirí a fheabhsú agus clárú ar líne a cheadú. Chomh maith le feidhmiúlacht bhunúsach cuardaigh, beidh vótóirí atá cláraithe le mygov.id in ann iad féin a chur le Clár na Vótóirí, a gcuid sonraí a athrú nó iad féin a bhaint den Chlár.



## Plean Corparáideach

I mí na Nollag, ghlac na comhaltaí tofa le Plean Corparáideach na Comhairle 2020-2024. D'eascair an Plean Corparáideach as comhairliúchán leitheadach idir comhaltaí tofa agus
foireann na Comhairle, an pobal agus comhlachtaí na bpáirtithe leasmhara seachtracha, agus as pleanáil straitéiseach agus anailís ar fud gníomhaíochtaí na Comhairle.

Is é ráiteas misin nua na Comhairle: 'Áit bhríomhar ionchuimsitheach a dhéanamh as ár gcontae do na daoine a chónaíonn, a thagann ar cuairt, atá ag obair agus ag déanamh gnó anseo, anois agus amach anseo.'

Soláthraítear nasc soiléir do na saoránaigh idir Pleananna Bliantúla Seachadadh Seirbhísí na Comhairle, an próiseas buiséid, agus tuarascáil mhíosúil an
Phríomhfheidhmeannaigh ar dhul chun cinn i bPlean Corparáideach 2020-2024.

Sé Bhunluach atá aitheanta sa Phlean Corparáideach, mar atá sa liosta ar dheis.

# Bunluachanna

Inbhuanaitheacht i

Seirbhís do

Chustaiméirí

Ionchuimsitheacht, comhionnanas agus inrochtaineacht

Nuálaíocht, cruthaitheacht agus ilghnéitheacht

Cuntasacht agus trédhearcacht

Luach ar airgead




# Cill Chairbre

Cheadaigh An Bord Pleanála comhfhiontar forbartha 1,034 aonad tithíochta ar 29 n-acra de thalamh na comhairle ag Cill Chairbre, i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 i mí na Nollag.

Tá 310 aonad tithíochta sóisialta, 30% den iomlán san fhorbairtorbairt tionachta measctha, an chéad cheann dá chineál atá beartaithe mar chuid de thogra na mórláithreacha uirbeacha faoi "Atógáil na hÉireann",

Tá réimse cuimsitheach de thithe trí agus ceithre sheomra leapa chomh maith le hárasáin aon seomra, dhá sheomra agus trí sheomra. Beidh foirgneamh pobail 847 méadar cearnach, a thabharfar ar láimh don Chomhairle, san áireamh sa tairiscint. Beidh naíolann agus aonad miondíola áirithe mar chuid den fhorbairt chomh maith.

## Spriocanna Tithíochta

**115%**

I mí Feabhra 2019, léirigh figiúirí a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil go raibh Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag tacú le níos mó ná 1,787 teaghlach breise trí réitigh tithíochta sóisialta sa bhliain roimhe sin, nó 115% de sprioc na Comhairle de réir Atógáil na hÉireann.

**€1b**

I mí Iúil bhreithnigh an Chomhairle moltaí lena bhféadfaí suas le 4,500 aonad tithíochta nua a sheachadadh sa cheantar le linn saolré na Comhairle reatha go dtí 2024. Tá an infheistíocht iomlán atá beartaithe faoin bplean uaillmhianach tithíochta níos mó ná €1 bhilliún. Táthar ag súil go mbeidh níos mó ná 70% den 4,500 aonad á seachadadh mar thithíocht shóisialta nó inacmhainne.

## Tithíocht Inacmhainne

Seoladh tairseach léiriú spéise do thithíocht inacmhainne sa Chontae i mí Mheán Fómhair. Rinneadh an seoladh tar éis do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas leithdháileadh €18 milliún a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil trí Chiste Láithreacha le Seirbhísí an rialtais le tacú le forbairt trí láithreán atá curtha ar leataobh le tithe inacmhainne a sheachadadh. Ba iad Cill an Ardáin i dTamhlacht, Ráth Cúil agus céim a haon de Chrios Forbartha Straitéiseach Chluain Buiríosa na trí láithreán a cuireadh ar leataobh ar dtús.

# Seachadadh Tithíochta

Léirigh na figiúirí deiridh gur thacaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas le os cionn 1,700 teaghlach trí sholáthar nua tithíochta sóisialta in 2019.


Faoi Chlár Atógála Éireann, is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil a leagann síos na spriocanna bliantúla le haghaidh gach ceantair. Tá na húdaráis áitiúla freagrach as faireachán agus seachadadh a dhéanamh ar na spriocanna seo, lena n-áirítear comhoibriú leis na Comhlachtaí Faofa Tithíochta (AHB). 449 an figiúr foriomlán nua tógála a seachadadh i gContae Átha Cliath Theas - 3% níos airde ná sprioc tógála Chontae Átha Cliath Theas.

Áiríodh sna figúirí seo forbairtí nua a seachadadh faoi chlár tógála tithíochta sóisialta na Comhairle, ina measc iad siúd ag N. Chuidbhricht, Cluain Dolcáin agus An Dothra Bheag, Baile Baodáin; tithe a soláthraíodh trí riachtanais Chuid V; agus seachadadh ó Chomhlachtaí Faofa Tithíochta le tacaíocht na Comhairle trí Shaoráid Léasaithe Caipitil Tosaithe agus Scéim Cúnamh Caipitil i mBaile Adaim, Baile Scallart, Na Glaschnoic agus Iarthar na Cathrach i measc ceantar eile.

Fuair an Chomhairle nó na Comhlachtaí Faofa Tithíochta 93 áitreabh athláimhe sa Chontae le haghaidh tithíochta sóisialta chomh maith in 2019, nó 122% den spriocfhigiúr de 76 fáltas. Mar gheall ar fholúntais ócáideacha in aonaid na Comhairle agus AHB cuireadh cóiríocht ar fáil do 175 teaghlach agus duine aonair in 2019.

# Scéim Iasacht Tí

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoi leithdháileadh €28m ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil don scéim Iasacht Tí Atógáil Éireann don tréimhse ó Fheabhra 2018 go Nollaig 2019. Clúdaíodh iasachtaí a eisíodh ó thús na scéime chomh maith le hiasachta ceadaithe agus éileamh réamh-mheasta go deireadh 2019 sa leithdháileadh seo. Sholáthraigh an Chomhairle 98 iasacht tí d'iarratasóirí trí Scéim Iasacht Tí Atógáil Éireann in 2019.



Geata Rossa, Baile Adaim

# Plean Gníomhaíochta Aeráide 2019-2024

D'fhaomh an Chomhairle an Plean Gníomhaíochta Aeráide i mí Bhealtaine. Ainmnítear sa phlean na príomhrioscaí aeráide atá ann do Chontae Átha Cliath Theas agus déantar áireamh ann ar leibhéil reatha astuithe de ghás ceaptha teasa ar fud cheantar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Luaitear ceithre sprioc atá le baint amach ag an gComhairle sna blianta atá romhainn:

- Feabhsú 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoin mbliain 2020;
- Laghdú 40% in astuithe gás ceaptha teasa faoi 2030,
- Réigiún seasmhach aeráide a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath, trí thionchair eachtraí a bhainfidh le hathrú aeráide a laghdú.
- Plé a dhéanamh go gníomhach leis na saoránaigh agus iad a chur ar an eolas faoi athrú aeráide.

Sa Phlean Gníomhaíochta Athrú Aeráide, tá 130 gníomh curtha chun cinn ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas atá ar bun cheana féin nó beartaithe laistigh den Chomhairle, faoi chúig phríomhréimse: Fuinneamh agus Foirgnimh, Iompar, Seasmhacht Tuile, Réitigh bunaithe ar an Dúlra agus Bainistíocht Acmhainní.

Eagraíodh an comhairliúchán poiblí don Phlean Gníomhaíochta Athrú Aeráide ag sraith imeachtaí agus ceardlanna idir 11 Feabhra agus 25 Márta 2019.

# Plean Uile-Éireann um Pailneoirí

Shínigh an Chomhairle an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí i mí na Samhna tar éis tionscadail éagsúla a dhéanamh ar fud na bliana le cabhrú lenár bhfeithidí dúchasacha pailnithe ar nós beacha meala, beacha gabhair, agus féileacáin trí 'láithreacha pailneoirí' le fógraí 'Bainistíocht don Bhithéagsúlacht' a lonnú ar fud an Chontae.






# Fuaráin Phoiblí

Sheol an Chomhairle fuaráin nua uisce i mí Mheán Fómhair. Ba é seo an chéad cheann de shraith fuarán a suiteáladh in 2019. Is í aidhm na bhfuarán poiblí tacú le folláine agus le roghanna stíl mhaireachtála níos fearr, taisteal gníomhach a spreagadh agus úsáid fleascanna agus buidéil seachas plaisteach aon úsáide a chur chun cinn.

# Araidí Grianchumhachtaithe

Céim eile i dtreo bhainistiú digiteach bruscair agus i leith gníomhaíochta aeráide ba ea na hAraidí Grianchumhachtaithe a shuiteáil an Chomhairle i gceantar Ráth Fhearnáin. Trí araidí grianchumhachtaithe a shuiteáil in áit na ngnátharaidí, d'fhéadfaí líon na n-araidí sráide a laghdú suas le 20%. Tá córais faireacháin fíor-ama gan sreang ar na haraidí le stádas reatha gach araide a insint don Chomhairle, ionas gur féidir sceideal bailiúcháin níos éifeachtúla a eagrú.




# Brait Ghlasa

Bhronn An Taisce gradam mór le rá an Bhrait Ghlais ar cheithre pháirc de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i mí Iúil. Bronnadh Gradam an Bhrait Ghlais ar Pháirc Chorcaí, Páirc Bhaile Uaitéir, agus Páirc Sheáin Bhreathnaigh, fuair Páirc Thigh Motháin Gradam Gradam an Bhrait Ghlais chomh maith le Gradam Uile-Éireann Pailneora in Earnáil na bPáirceanna Baile.

# Scéimeanna um Maolú Tuile

Rinneadh dul chun cinn suntasach i ngach ceann den trí scéim maolú tuilte atá idir lámha ag an gComhairle in 2019. Tar éis próiseas tairisceana a chur i gcrích, ceapadh AECOM Ireland Ltd mar chomhairleoirí teicniúla do Scéim Maolú Tuile na Camóige i mí Dheireadh Fómhair. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Réamh-Thuarascáil Deartha, rinneadh athruithe suntasacha ar Scéim Maolú Tuile an Teampaill Ghil agus rinneadh staidéir bhreise ar réimsí ar nós gnáthóga, flóra agus fauna agus speicis ionracha. Cuireadh béim i Scéim Maolú Tuile an Phoitéil ar réitigh dúlrabhunaithe, ar nós bogach tógtha comhtháite mar chuid den ullmhúchán do na haighneachtaí chuig An Bord Pleanála

# An Fhoireann Ghlas

Sheol an leasMhéara, an Clr Trevor Gilligan scéim Athchúrsála Buidéal Plaisteacha/Cannaí na Comhairle i mí na Samhna i gcomhar le Feachtas Glas Fhoireann Repak. Spreagann an scéim feasacht chomhshaoil agus cuireann sé chun cinn í maidir le buidéil phlaisteacha agus cannaí a athchúrsáil agus conas an athchúrsáil a dhéanamh i gceart.

# Clár Spás Spraoi

Osclaíodh spásanna spraoi éagsúla i gContae Átha Cliath Theas in 2019 mar chuid de chríochnú Chlár Spás Spraoi Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, rud a thug líon iomlán na gclósanna agus na spásanna spraoi sa chontae go 49.

I measc na spásanna spraoi a osclaíodh in 2019 tá spásanna nádúrtha spraoi sa Teampall Geal, i bPáirc Bhaile Uaitéir, i bPáirc Shruthán Liam, agus i nDiméin Leamhcáin. Críochnaíodh spás spraoi i mBaile Pheire chomh maith le spás spraoi i bPáirc na nGlaschnoc. Phasáil spásanna spraoi i nGlean na Dothra agus sa Chaisleán Nua Cuid 8 (Pleanáil) den phróiseas.

Roimhe seo cuireadh an bhéim ar chlósanna móra sainnithe  spraoi le saintrealamh foirmeáilte nuair a bhí clósanna spraoi á gcur ar fáil. Tá clár spás spraoi na Comhairle éagsúil, mar go bhfuil sé dírithe go hiomlán ar dheiseanna súgartha a sholáthar. Bíonn na leanaí ag súgradh de réir a bhfuil ar fáil agus inláimhsithe sa timpeallacht ina bhfuil siad. Ligeann an cineál seo súgartha do leanaí a samhlaíocht a fhorbairt, dúshlán a thabhairt dá gcumais, plé le riosca agus, go háirithe, iad féin a oiriúnú don timpeallacht. Rachaidh timpeallachtaí súgartha níos fearr chun sochair do shláinte fhisiciúil agus intinne na leanaí atá ag fás suas anseo, agus do na pobail.

Roinn an Chomhairle an méid atá foghlamtha aici le húdaráis áitiúla eile agus le saineolaithe i bhforbairt leanaí ag seimineár i Halla an Chontae i mí na Nollag.

# Plean Gníomhaíochta um Thorann

Cuireadh an Plean Gníomhaíochta um Thorann Comhshaoil faoi bhráid na Comhairle i mí Aibreáin. Tá an Plean Gníomhaíochta dírithe ar bhainistíocht a dhéanamh ar thorann chomhshaoil gan torann ó ghníomhaíochtaí teaghlaigh, torann a ghineann comharsana, torann sa láthair oibre nó torann tógála a chur san áireamh mar gur féidir déileáil leo faoin reachtaíocht atá ann cheana, ar nós Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 1992 agus an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. Beidh an Plean Gníomhaíochta um Thorann Comhshaoil i bhfeidhm go dtí mí Iúil 2023.

# An Bhliain

1



2



3



# i bPictiúir



4

5



6




7



# An Bhliain




8

9






10



11

# i bPictiúir





1. Oscailt Seastán Theas Staid Thamhlachta, ceann de chlocha míle na Staide in 2019.
2. An Méara Vicki Casserly agus Daniel McLoughlin, Príomhfheidhmeannach, ag ceiliúreadh cuimhneachán 25 na Comhairle le Don Tipping, an chéad Chathaoirleach, agus John Fitzgerald, an chéad Bhainisteoir Contae.
3. Ag tiontú na fóide ar fhorbairt tithíochta Ghráinseach Chorcaí, tá suas le 109 teach le forbairt ar an láthair.
4. Fógraíocht do Lá 'Fág an Bealach', feachtas a thugann daoine faoi mhíchumas agus an pobal i gcoitinne le chéile le plé a dhéanamh ar riachtanais daoine le míchumais sa spás poiblí.
5. Gradam Sláinte agus Slándála Aoisbháúil á bhronnadh ar bhaill foirne don Scéim Glasanna Slándála Baile agus don Scéim Aonocsaíd Charbóin ag Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála Aoisbháúla 2019.
6. Ag seoladh Stratéis Chontae Átha Cliath Theas Sláintiúil leis an Aire Catherine Byrne T.D i mí Mheithimh.
7. An spás nua súgartha á oscailt ag an Méara Vicki Casserly ag Páirc Thigh Motháin, ceann den mhórán a osclaíodh ar fud an Chontae in 2019.
8. Seoladh Leabharlann Samhlaíochta Dolly Parton, a thairgíonn leabhar in aisce sa mhí do leanaí faoi chúig bliana d'aois i gceantar Bhaile Átha Cliath 24, sa Leabharlann Contae.
9. Bhí Féile Dhíchlúdaithe rathúil eile ann i mí na Nollag.
10. Crainn á bplandáil le leanaí áitiúla i bPáirc Phlásóg an Ghiorria, Cluain Dolcáin. Phlandáil an Chomhairle beagnach 2,000 crann in 2019.
11. Bronnadh gradam Buaiteoirí Foriomlána ar Chró na bhFear i gCluain Dolcáin i nGradaim Iarrachta Pobail.
12. Faiche Gandon, ceann amháin d'fhorbairtí tithíochta na Comhairle, ar an láthair in 2019.




# Crios Forbartha Straitéiseach Chluain Buiríosa

I mí na Bealtaine, cheadaigh An Bord Pleanála plean Chomhairle Contae Átha Cliath Theas chun suas le 11,000 aonad tithíochta a sheachadadh i gCrios Forbartha Straitéiseach Chluain Buiríosa.

Tá an talamh, timpeall 280 heicteár, lonnaithe idir na pobail sheanbhunaithe i Leamhcán, Cluain Dolcáin agus Gleann na Life. Tá na tailte aimnithe mar Mhórláthair Forbartha Tithíochta Uirbeach
ag an Rialtas agus d'fhéadfadh sé tithíocht a sholáthar do dhaonra níos mó ná 21,000.

Déanfar soláthar le haghaidh trí bhunscoil agus trí iarbhunscoil sa Scéim Phleanála atá ceadaithe.

Beidh timpeall 72% den tithíocht lonnaithe laistigh de 500 méadar ó scoileanna agus beidh timpeall 98% de na háitrithe i bhfoisceacht 400 méadar do stad bus nó 800 méadar de stáisiún traenach, rud a dhéanfaidh laghdú mór ar an spleáchas ar charr príobháideach agus muid ag tabhairt aghaidh ar athrú aeráide. Beidh seirbhís á fáil ag an talamh ó dhá stáisiún traenach ag An Chiseog agus Cluain Dolcáin/Cnoc an Fhuaráin, le turas traenach timpeall 15 nóiméad ó lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath. Nasctar na tailte trí Bhóthar Réigiúnach, lena n-áirítear an Cuarbhóthar Imill, leis na Príomhbhealaí Náisiúnta N4 agus N7.

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas cinnte go mbeidh ról lárnach ag Cluain Buiríos maidir le freastal ar an éileamh ar thithíocht i mBaile Átha Cliath.



# Maoiniú URDF

Fógraíodh go mbeadh Ciste Chiste Athghiniuńa agus Forbartha Uirbigh (URDF) an Rialtais ag tacú le Comhairle Contae Átha Cliath Theas le réimse tionscadal a dhéanfaidh mórathrú ar Thamhlacht a sheachadadh. Tá luach measta de €19.8 milliún ag tionscadail Thamhlachta agus beidh maoiniú 75%, nó €14.85 milliún á fháil acu. Cuirfidh an Chomhairle an iarmhéid de €4.95 milliún ar fáil.

Tá bonneagar nua bóithre san áireamh le tailte i mBelgard Thuaidh a oscailt, le haghaidh Ionad Nuálaíocht Fiontraíochta, Staid Thamhlachta a chríochnú, Mol nua Soghluaisteachta ag críochphort Luas agus Pláis Chathrach a fhorbairt ag Belgard Thuaidh agus Cearnóg na Leabharlainne.

Ceadaíodh aighneacht le máistirphlean a ullmhú le hathfhorbairt a dhéanamh ar Chonair Bhóthar an Náis agus tugadh cómhaoiniú don Chomhairle agus do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le cur chuige pleanbhunaithe don deis athbheochana a thiomsú.  Aontaíodh go mbeadh Comhairle Contae Átha Cliath Theas i mbun ullmhú an phlean a threorú thar ceann an dá údaráis.



## Feabhsúchán Sráidbhailte

Críochnaíodh scéim athnuachan sráidbhaile i dTach Sagard i mí Dheireadh Fómhair 2019. Rinneadh feabhsúcháin shuntasacha ar Bhóthar an Mhuilinn, Lána an Mhuilinn, agus ar Bhóthar an Teampaill ar mhaithe le feabhas mór a chur ar an timpeallacht do choisithe agus rothaithe. Fuarthas faomhadh Cuid 8 do phleananna le haghaidh scéime dá leithéid do Theach Mealóg.

## Feabhsú R120 agus R134

Cuireadh Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Bhaile Adaim (R120) agus Bhóthar Nangair (R134) i gcrích i Samhradh na bliana 2019. Rinneadh athailíniú ar sheanbhóithre Réigiúnacha Bhaile Adaim (R120) agus Nangair (R134) in Iarthar Átha Cliath sa tionscadal mór feabhsúchán bóthair seo, atá in aice le Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí. Cuireann an tionscadal seo go mór le hacmhainn iompair na coda seo de Chontae Átha Cliath Theas.

## Nascbhóthar Thuaidh Belgard

Cuireadh tús leis an obair ar nascbhóthar tábhachtach i mí Mheán Fómhair a nascann Bóthar Belgard Thuaidh le Bóthar Bhaile an Chócaigh agus Ascaill a Ceathair. Déanann an bóthar nua feabhas mór ar na naisc thar cheantar Bhaile an Chócaigh agus osclófar an talamh seo le haghaidh athnuachana le húsáid mheasctha mar gheall air.




# Clár Oibreacha Bóthair

Cuireadh €4,400,000 ar leataobh le haghaidh oibreacha bóithre agus cosáin in 2019. Seachadadh an Clár Bliantúil Oibreacha Bóthair chuig na comhaltaí tofa i mí an Mhárta le hachoimre ar láithreacha agus oibreacha a rinneadh i rith na bliana. B'ionann é seo agus méadú timpeall 12% ar chaiteachas na Comhairle i gcomparáid le Clár Bliantúil Oibreacha Bóthair na bliana 2018.

# Ionad Nuálaíochta

Tionóladh cruinniú tionscnaimh in Oifig Fiontair Áitiúil Átha Cliath Theas idir Oxford Innovation agus an Chomhairle i mí na Samhna maidir leis an Ionad Nuálaíochta Fiontair atá beartaithe ag an gComhairle. Beidh an t-ionad nua 4,000 m2 lonnaithe in aice le ceannoifig na Comhairle i dTamhlacht agus beidh spás solúbtha oifige ar fáil ann. Tá tacaíocht ag an tionscadal seo ó Chiste Athbheochan agus Forbartha Uirbeach an rialtais (URDF). Tá ailtirí ceaptha le hIonad Nuálaíochta Gnó nua, príomh-mhír Cheathrú Nuálaíochta Belgard Thuaidh, a dhearadh.

## Caisleán na Gráinsí

Rinneadh obair ar an tríú bealach isteach a thógáil do Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí mar rochtain ar Bhóthar Nangair atá athailínithe. Chuir an obair seo críoch leis an mbonneagar iompair mar a raibh campas Chaisleán na Gráinsí roimhe seo.

Is Páirc Ghnó í Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí faoi úinéireacht Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i gcomhar le IDA Ireland le mórinfheistíocht straitéiseach a mhealladh go Contae Átha Cliath Theas.
Tá an Pháirc lonnaithe i gCluain Dolcáin, timpeall 3km siar ó Mhótarbhealach Fhithiseach an M50 in aice le naisc straitéiseacha bóthair agus iarnróid go dtí an chuid eile d'Éirinn.



## Ciste Tacaíochta Gnó

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le gnólachtaí atá ann cheana i 2019 le Ciste Tacaíochta Gnó de €1m. Ceithre chiste atá anseo atá deartha go sainiúil le tabhairt faoi shaincheisteanna ar leith atá ag gnólachtaí sa Chontae. Ina measc tá oibreacha fisiciúla, do ghnólachtaí mionscála atá ann cheana agus d'fhiontair nuathionscanta a bhain as aonaid a bhí folamh roimhe seo.



# Téamh Dúiche

Bunaíodh Cuideachta Téamh Dúiche Átha Cliath Theas i mí Mheán Fómhair d'fhonn fás na teicneolaíochta inathnuaite ísealcharbóin a éascú ar fud an chontae, le Tamhlacht i lár báire. Is cuideachta neamhbhrabúsach é Cuideachta Téamh Dúiche Átha Cliath Theas atá in úinéireacht an Comhairle le tógáil, bainistíocht agus cothabháil a dhéanamh ar an líonra téamh dúiche agus ar an ionad fuinnimh. Beidh úinéireacht iomlán ag an gComhairle ar an gcuideachta agus beidh sí ag tuairisciú dó go rialta. Beidh sí freagrach freisin as pleanáil chun cinn agus as beartas praghsála, lena n-áirítear fairsingiú an líonra amach anseo. Bunaíodh an chuideachta seo tar éis tairisceana rathúil il-chathrach faoi Inter-Reg Iarthuaisceart na hEorpa le maoiniú a fháil do thionscadail píolótacha le forbairt téamh dúiche a chur chun cinn agus deontas breise €4.5m i gcúnamh a fháil faoin gCiste Gníomhaíocht Aeráide ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil/



# Staid Thamhlachta

D'fhógair an Chomhairle pleananna le cumas suíochán Staid Thamhlachta, atá i seilbh na Comhairle, a mhéadú go 10,000 le tógáil an Ardáin Thuaidh. Tá sé beartaithe ag an gComhairle an Seastán Thiar a fhorbairt chomh maith le ceantar corparáideach d'ardchaighdeán. Rinneadh an obair seo tar éis an staid a leathnú i mí an Mhárta 2019 nuair a osclaíodh an Seastán Theas.

I gcomhar leis na pleananna seo, d'fhógair an Chomhairle go raibh sé i gceist Staid Thamhlachta a chur chun cinn mar ionad imeachtaí ceoil, féilte agus imeachtaí pobail. Leis na suíocháin staide agus suíocháin shealadacha ar an bpáirc, beidh cóiríocht do suas le 20,000 san ionad.

Roimh an Seastán Thuaidh a thógáil, thug Comhairle Contae Átha Cliath Theas conradh do Core le hanailis a thabhairt faoi dheiseanna fógraíochta agus brandála le haghaidh Staid Thamhlachta.

Rinneadh Staid Thamhlachta agus an straitéis fógraíochta agus margaíochta ar chuimhneachán deich mbliana oscailt na Staide in 2009 agus tar éis bliana an-rathúil.

Tar éis an Staid a oscailt i mí an Mhárta le freastal níos mó ná riamh ar Staid Thamhlachta do chluiche Sraithe na hÉireann idir Shamrock Rovers agus Bohemians i mí Aibreáin. Rinneadh óstaíocht ar Chraobh Eorpach F17 UEFA i mí na Bealtaine i Staid Thamhlachta agus bhí na seastáin lán i mí Dheireadh Fómhair nuair a bhuaigh Foireann Náisiúnta Ban na hÉireann ar an Úcráin agus nuair a bhí cluiche ag foireann F21 Stephen Kenny in aghaidh na hIodáile.

# Plean Ceantair Áitiúil Thamhlachta

